




Téamh Suas

1. Déan ciorcal leis na páistí.
2. Leag síos an paraisiúit i lár an chiorcail agus abair leis na páistí an paraisiúit a phiocadh suas (roghnach).
3. Cuir na focail Ghaeilge agus na gluaiseachtaí in aithne do na páistí.
4. Cas an t-amhrán '*Maple Leaf Learning–The Parachute Dance*' agus lean na gluaiseachtaí a deir an t-amhrán leat a dhéanamh. Caithfidh tú na focail Ghaeilge a rá amach os ard.
5. Ag deireadh an amhráin, lig do na páistí dul faoin bparaisiúit le roinnt spraoi a bheith acu.



Cuir In Aithne Tú Féin

1. Déan ciorcal leis na páistí.


2. Leag síos an paraisiúit i lár an chiorcail agus abair leis na páistí an paraisiúit a phiocadh suas (roghnach).

3. Tosaigh trí tú féin a chur in aithne agus an frása 'Is mise (d'ainm)' a úsáid.

4. Ansin, téigh timpeall an chiorcail agus cuidigh leis gach páiste iad féin a chur in aithne, ag baint úsáide as an bhfrása céanna.





5. Sula dtéann tú ar aghaidh go dtí an chéad pháiste eile, croith tú an paraisiúit (nó déan bualadh bos mura bhfuil paraisiúit agat) tar éis do gach páiste iad féin a chur in aithne.

6. Déan é seo go bhfaighidh gach páiste deis agus lig do na páistí dul faoin bparaisiúit chun críochnú.




Ciúb Spraoi

1. Líon an ciúb leis na cártaí a bhfuil na gluaiseachtaí aclaíochta scríofa orthu.
2. Déan ciorcal leis na páistí agus caith an ciúb suas san aer.
3. Cibé taobh den chiúb atá iompaithe suas, déan an gluaiseacht sin ar feadh 10 soicind.
4. Comhaireamh suas go dtí 10 amach os ard leis na páistí.
5. Déan é seo arís agus arís go mbeidh gach gluaiseacht déanta agat leis na páistí.




Ciúb Foghlama

1. Líon an ciúb leis na cártaí a bhfuil na cruthanna nó na huimhreacha orthu.
2. Déan ciorcal leis na páistí agus caith an ciúb suas san aer.
3. Cibé taobh den chiúb atá iompaithe suas, téigh tríd an gcruth/uimhir sin leis na páistí.
4. Déan é seo arís agus arís go mbeidh gach cruth/uimhir clúdaithe agat leis na páistí NÓ is feidir leat dul trí gach cruth/uimhir tú féin.
5. Nuair a bheidh sé sin déanta agat, is féidir leat dul tríd na dathanna éagsúla atá ar na cruthanna/uimhreacha.




Faigh An Dath Sa Seomra

1. Tóg amach na cóin agus téigh trí gach dath leis na páistí.
2. Nuair a bheidh na dathanna ar eolas ag na páistí pioc amach cón amháin.
3. Ag baint úsáide as dath an chóin, abair leis na páistí an dath sin a fháil áit éigin sa seomra.
4. Nuair a bheidh an dath faighte ag na páistí abair leo an dath a rá amach os ard.
5. Nuair a bheidh an dath faighte ag gach páiste, déan ciorcal leis na páistí agus pioc amach cón eile le dath difriúil.
6. Déan é seo go mbeidh na dathanna uilig faighte ag na páistí sa seomra.



Cé Méid?

1. Leag síos húláhúp (*hula hoop*) i lár an urláir.
2. Faigh na liathróidí boga, na cóin agus na málaí daite agus tabhair ceann do gach páiste.
3. Déan ciorcail leis na páistí timpeall ar an húláhúp.
4. Is é aidhm an chluiche ná na liathróidí a chur isteach sa húláhúp. Comhair suas go dtí trí agus caithfidh gach duine a liathróid i dtreo an húláhúp.
5. Ansin comhair cé mhéad liathróid atá sa húláhúp ag na páistí.
6. Déan é seo arís agus arís eile. Is bealach maith é seo le comhaireamh as Gaeilge a chleachtadh leis na páistí.



Damhsa & Ceol



Comhar Naíonraí
na Gaeltachta

Cluiche 1

1. Tóg amach na cóin agus téigh trí gach dath leis na páistí.
2. Nuair a bheidh na dathanna ar eolas ag na páistí leag na cóin síos in áiteanna éagsúla ar an urlár.
3. Ansin cas air an ceol. Nuair a thosóidh an ceol tosóidh na páistí ag damhsa.
4. Nuair a stopfaidh tú an ceol déarfaidh tú dath amach os ard agus caithfidh na páistí an dath cón sin a fháil sa seomra.
5. Déan é seo go bhfuil na cóin uilig faighte ag na páistí NÓ go gcríochnóidh an ceol.



Damhsa & Ceol



Comhar Naíonraí
na Gaeltachta

Cluiche 2

1. Tóg amach na málaí daite (*beanbags*) agus téigh trí gach dath leis napáistí.
2. Nuair a bheidh na dathanna areolas ag na páistí leag na málaí síosar an urlár.
3. Ansin cas air an ceol. Nuair a thosóidh an ceol piocadh na páistí suas ceann de na málaí daite.
4. Nuair a stopfaidh tú an ceol caithfidh na páistí na málaí a fhágáil ar an urlár agus dath eile a phiocadh suas nuair a thosóidh an ceol arís.
5. Déan é seo go gcríochnóidh an ceol.